CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 20/25
Lucsamburg, an 25 Feabhra 2025

Breithiúnas na Cúirte i gCásanna Uamtha C-146/23 | Sąd Rejonowy w Białymstoku agus C-374/23 | [Adoreikė] [1]

# Neamhspleáchas na mbreithiúna: sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais ceanglais dhlí an Aontais maidir le socrú luach saothair breithiúna náisiúnta a shocrú.

*Maidir leis na rialacha mionsonraithe maidir le luach saothair breithiúna a chinneadh, caithfidh siad a bheith oibiachtúil, intuartha, cobhsaí agus trédhearcach.*

Rinne cúirteanna na Polainne agus cúirteanna na Liotuáine ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir le luach saothair breithiúna a shocrú. Meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais go gcaithfidh an luach saothair sin, arb ionann é agus dearbhú riachtanach do neamhspleáchas na mbreithiúna, ag teacht le tábhacht a bhfeidhmeanna. Caithfidh bunús dlí a bheith ag an gcinneadh sin agus caithfidh sé na critéir maidir le hoibiachtúlacht, intuarthacht, cobhsaíocht agus trédhearcacht a chomhlíonadh. Ní mór go mbeidh leibhéal luacha saothair na mbreithiúna ard go leor, ag féachaint do chomhthéacs socheacnamaíoch an Bhallstáit lena mbaineann, go háirithe maidir le meán-tuarastal an Bhallstáit sin. Ní mór údar a thabhairt le haon mhaolú ón modh lena socraítear an luach saothair sin le cuspóir ar mhaithe le leas an phobail. Caithfidh na maoluithe sin, nár cheart iad a dhíriú go sonrach ar bhreithiúna, a bheith riachtanach, comhréireach agus sealadach. Ní féidir leo dul chun dochair do luach saothair na mbreithiúna a bheith ar coimhéid le tábhacht a bhfeidhmeanna.

Thug cúirteanna na Polainne agus na Liotuáine imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais lena n-iarrann siad an bhfuil na forálacha náisiúnta maidir le luach saothair na mbreithiúna a chinneadh comhoiriúnach le dlí an Aontais [2].

Sa Pholainn, foráiltear le dlí go socraítear buntuarastal na mbreithiúna go hoibiachtúil, ar an meán-tuarastal a fhoilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh. Mar sin féin, rinneadh an modh ríofa sin a leasú le trí dhlí thréimhsiúla, rud ba chúis le 'reo' ar innéacsú luach saothair na mbreithiúna do na blianta 2021, 2022 agus 2023. Tugtar údar leis an mbeart maolaithe sin le srianta buiséadacha a bhain le paindéim Covid-19 agus fogha na Rúise ar an Úcráin.

Agus é ag cur i gcoinne an leasaithe sin, éilíonn breitheamh suim lena gcomhfhreagraítear don difríocht idir an tuarastal a fuarthas agus an tuarastal a bheadh le híoc murar 'calcadh' an t-innéacsú.

Sa Liotuáin, thug beirt Bhreithiúna caingean maidir le dliteanas i gcoinne an Bhallstáit sin. Maíonn siad freisin go mbraitheann leibhéal a luacha saothair ar thoil pholaitiúil an fheidhmeannais agus an reachtais. Ina theannta sin, cáineann siad an easpa sásra dlíthiúil lena gceadaítear a áirithiú go bhfuil luach saothair breithiúna ar cóimhéid le dínit a hoifige, atá oiriúnaithe do fhreagrachtaí na mbreithiúna agus atá inchomparáide le tuarastail baill de ghairmeacha dlíthiúla eile.

Ina breithiúnas, meabhraíonn an Chúirt gur **ráthaíocht atá ina cuid dhílis dá neamhspleáchas é luach saothair breithiúna a chomhfhreagraíonn do thábhacht a bhfeidhmeanna**. Dá bhrí sin, trí rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir le luach saothair breithiúna a chinneadh, ceanglaítear ar na Ballstáit a n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh [3].

Mar sin, **caithfidh bunús dlí a bheith ag na rialacha mionsonraithe sin**. Caithfidh siad a bheith oibiachtúil, intuartha, cobhsaí agus trédhearcach chun treallach de pháirt an údaráis feidhmiúcháin agus reachtaigh a chosc. Beidh feidhm ag na ceanglais chéanna maidir leis na bearta maolaitheacha as a n-eascraíonn laghdú ar luach saothair breithiúna nó 'reo' ar innéacsú an luacha saothair sin.

**Caithfidh leibhéal luacha saothair na mbreithiúna a bheith ard go leor** i bhfianaise chomhthéacs shocheacnamaíoch agus airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann, agus go háirithe maidir le meán-tuarastal an Bhallstáit sin. Caithfidh an luach saothair sin a bheith ar cóimhéid le tábhacht na bhfeidhmeanna a shanntar dóibh d'fhonn na breithiúna a chosaint ar aon bhrú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a gcinntí agus iad a chosaint ar riosca an éillithe.  Mar sin féin, **ní chuirfidh neamhspleáchas na mbreithiúna bac ar a luach saothair a socrú faoi bhun mheán na ngairmithe dlíthiúla eile**.

Caithfidh údar a thabhairt leis na maoluithe ó na rialacha maidir le luach saothair breithiúna a shocrú **le cuspóir ar mhaithe le leas an phobail**, amhail easnamh iomarcach rialtais a dhíothú. I bprionsabal, ni chaithfear iad a dhíriú go sonrach ar bhreithiúna. Is gá freisin go mbeidh siad riachtanach agus comhréireach go docht chun an cuspóir a shaothraítear leo a bhaint amach.  **D'ainneoin cur chun feidhme na mbeart sin, atá eisceachtúil agus sealadach de bharr a gcineáil**, caithfidh luach saothair breithiúna leanúint de bheith ar coimhéid le tábhacht a bhfeidhmeanna.

Ar deireadh, ní mór go bhféadfaí an modh lena gcinntear luach saothair breithiúna a chur faoi réir **athbhreithniú breithiúnach éifeachtach** os comhair cúirt náisiúnta.

Is faoi na cúirteanna náisiúnta atá sé a dheimhniú ar comhlíonadh na ceanglais sa chás seo, agus dar leis an gCúirt gurb amhlaidh atá, ar an gcéad amharc.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa:  Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Is ainm dlítheanach é ainm an cháis seo. Ní ag tagairt d'fhíorainm páirtí ar bith sna himeachtaí atá sé.

[2] Airteagal 2 agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

[3] Le hAirteagal 19 CAE, ina léirítear go nithiúil an luach atá leis an smacht reachta a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, dearbhaítear an luach atá ag an smacht reachta ar chúirteanna náisiúnta agus ar an gCúirt go ráthóidís idir chur i lán-feidhm dhlí an aontais sna Ballstáit ar fad agus an chosaint dlí a bhaineann daoine aonair ón gceart sin.  Chuige sin, tá sé ríthábhachtach neamhspleáchas na n-údarás sin a chaomhnú.